

**An Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh**

*An Roinn Forbartha Réigiúnaí*

*Cód Cúirtéise i leith na Gaeilge*

**Meán Fómhair 2010**

**Clár:**

<b>1.</b>	<b>Réamhrá</b>	<b>2</b>
<b>2.</b>	<b>Ainmneacha Pearsanta</b>	<b>2</b>
<b>3.</b>	<b>Agallaimh &amp; Cruinnithe le Daoine</b>	<b>3</b>
<b>4.</b>	<b>Glaochanna Gutháin agus Glórphost</b>	<b>4</b>
<b>5.</b>	<b>Comhfhreagras</b>	<b>6</b>
<b>6.</b>	<b>Aistriúcháin</b>	<b>6</b>
<b>7.</b>	<b>Fógraíocht</b>	<b>7</b>
<b>8.</b>	<b>Seoltaí</b>	<b>8</b>
<b>9.</b>	<b>Fiosrúcháin agus Monatóireacht</b>	<b>8</b>
	<b>Iarscríbhinn A - litir shamplach admhála i mBéarla</b>	<b>9</b>
	<b>Iarscríbhinn B - litir shamplach admhála i nGaeilge</b>	<b>10</b>
	<b>Iarscríbhinn C – Fógraí samplacha le ceannteideal dátheangach</b>	<b>12</b>

## **1. Réamhrá**

Leagann an Cód Cúirtéise seo amach na bealaí inar chóir don RFR a thiomantas don Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh (CETRM) a chomhlíonadh. Tá treoir ar CETRM ar fáil ar láithreán Gréasáin RCEF ag:

[http://www.dcalni.gov.uk/guidance\\_for\\_public\\_servants.doc.doc](http://www.dcalni.gov.uk/guidance_for_public_servants.doc.doc)

Tá an Cód Cúirtéise ar fáil ar láithreán Gréasáin RFR, i mBéarla agus i nGaeilge, ar:

[http://www.drjni.gov.uk/index/equality\\_agenda/equality\\_agenda\\_european\\_charter.htm](http://www.drjni.gov.uk/index/equality_agenda/equality_agenda_european_charter.htm)

- 1.2 Caithfear éagsúlacht teanga a mheas mar chomh-shaibhreas cultúrtha. Tá gach duine i dteideal measa agus cúirtéise, agus baineann seo le teanga fosta. Ba cheart gach iarracht a dhéanamh chun an meas seo a léiriú fiú munar féidir déileáil leis an duine ina rogha teanga féin.
- 1.3 Ba cheart d'oifigigh bheith ar an eolas maidir le forálacha na Cairte Eorpaí do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh a bhaineann leis an Ghaeilge agus eolach ar a bhfuil beartaithe ag an Roinn chun iad a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear comhfhreagras agus aistriúcháin.

## **2. Ainmneacha Pearsanta**

Tá sé de cheart dleathach ag duine aon ainm is mian leis a ghlacadh - i mBéarla nó i dteanga ar bith eile. Más iondúil go dtugtar ainm áirithe ar dhuine, is féidir é a úsáid mar aitheantas dleathach. Sa chás gur cosúil nach dtugtar an t-ainm áirithe sin ar an duine sin de ghnáth, caithfidh an fhoireann oibre a cheart a thabhairt d'aon duine ar mian leis go dtabharfaí an leagan Gaeilge dá ainm air, agus ba cheart dóibh an t-ainm sin amháin a úsáid in aon ghnó oifigiúil. Ba cheart bheith cúramach chun aon mhearbhall agus dúblú a sheachaint má thugtar an dá leagan, leagan Gaeilge agus Béarla ar dhuine. B'fhéidir go mbeadh sé ina chuidiú taifead a dhéanamh den dá leagan.

Má chreideann oifigeach go mb'fhéidir gur bhain an duine atá i gceist úsáid as leagan Béarla dá ainm fosta, d'fhéadfaí an cheist a chur, “*An é seo an leagan de d'ainm a mbaineann tú úsáid as i gcónaí? Tá orm a chinntiú go bhfuil do chuid eolais ar fad ar taifead in aon áit amháin agam*”.

- 2.3 Má thugann duine a ainm i nGaeilge agus má tharlaíonn go mbíonn deacracht ag an oifigeach atá ag déileáil leis é a scríobh nó fiú a fhuaimniú ba cheart dó iarraidh ar an duine cuidiú leis á litriú.
- 2.4 Má bhíonn síneadh fada ar an ainm níor cheart go gcruthódh sé seo aon deacracht. Is féidir seo a dhéanamh ar beagnach gach pacáiste bogearraí ríomhairí.<sup>1</sup>
- 2.5 Go hachomair, mar sin de, is féidir le duine úsáid a bhaint as cibé leagan dá ainm is mian leis. Níor chóir an ceart seo a cheistiú in am ar bith. Ba cheart gach iarracht a dhéanamh chun ainm duine a scríobh agus/nó a fhuaimniú go beacht. Ná bíodh aon náire ort cuidiú an duine sin a lorg.

### **3. Agallaimh & Cruinnithe le Daoine**

3.1 Má thosaíonn duine ag labhairt i nGaeilge le ball foirne nach bhfuil Gaeilge aige ba cheart duit sin a mhíniú agus an rogha seo a leanas a thairiscint don duine:

- leanúint ar aghaidh leis an agallamh/chruinniú i mBéarla;
- tuairimí scríofa a thabhairt i nGaeilge;
- coinne a dhéanamh fá choinne cruinnithe a mbeidh ateangaire i láthair ann.

Má tá aon amhras ann, soiléirigh gurb í an Ghaeilge an teanga atá i gceist.

3.2 Má thugann duine réamhfhógra gur mhaith leo Gaeilge a labhairt, is iondúil gur cheart ateangaire a bheith ann. Is féidir seo a dhéanamh trí Lársheirbhís Aistriúcháin SSTÉ ach glaoch ar Bhrainse na nOibríochtaí Teanga (58979).

---

Is féidir síneadh fada bheith ar ghutaí i nGaeilge, cosúil leis an *accent aigu* sa Fhraincis. Neamhchosúil leis an Fhraincis, áfach, baintear úsáid as an síneadh fada i nGaeilge ar chinhlitreacha fosta. Nuair a bhaineann tú úsáid as Microsoft Word, is féidir an síneadh fada a chur isteach tríd an eochair *Alt Gr* a bhrú agus ansin an guta ar a bhfuil sé. I gcás cinnlitreacha ba cheart an eochair *Shift* a bhrú fosta. Is féidir teacht orthu seo ar fad fosta faoi *Insert –Symbol*.

D'fhéadfadh agallaimh earcaíochta bheith mar eisceacht ar an ghnáthriachtanas chun ateangaire a sholáthar, i gcás nárbh fhéidir an tástáil is gá ar scileanna cumarsáide i mBéarla a dhéanamh mar is ceart más rud é gurb é an Béarla an teanga oibre ann.

Mura dtugtar aon réamhfhógra, ba cheart rogha a thairiscint don duine, ina measc siúd tá rogha-

- iarraidh ar chuidiú ó bhall foirne a bhfuil Gaeilge aige/aici, má bhíonn a leithéid ar fáil;
- an cás a chur i láthair i mBéarla;
- tuairimí a thabhairt i nGaeilge i bhfoirm scríofa;
- coinne a dhéanamh le haghaidh cruinnithe nuair a bheas ateangaire i láthair.

Má shocraítear cruinniú, déan cinnte de roimh ré go bhfuil ateangaire ar fáil fána choinne. Ná geall go deo seirbhís nach féidir leat a chur ar fáil.

#### **4. Glaochanna Gutháin agus Glórphost**

4.4 Má thosaíonn duine comhrá ar ghlaoch gutháin i nGaeilge is féidir leis an oifigeach freagra a thabhairt i nGaeilge (má bhíonn Gaeilge aige) nó i mBéarla. Mura bhfuil Gaeilge ag an oifigeach ba cheart dó/di seo a mhíniú agus rogha eile a chur ar fáil chun déileáil leis an ghlaoch. B'fhéidir go mbeadh na focail seo a leanas ina gcuidiú:

*“Gabh mo leithscéal ach ní féidir liom tú a fhreagairt i nGaeilge. Ach is féidir liom na roghanna seo a leanas a thairiscint maidir le déileáil le do ghlaoch. Is féidir leat:*

- *leanúint leis an ghlaoch i mBéarla*
- *scríobh chugainn i nGaeilge*
- *fanacht go n-aistrím tú chuig oifigeach a bhfuil Gaeilge aige/aici*
- *dul tríd chuig an ghlórphost, áit ar féidir teachtaireacht a fhágáil dúinn i nGaeilge.”*

4.2 Is iad **Fionntan Magee (folíne 40624)**, **Michael Cooney (folíne 34118)**, **Garry McKenna (folíne 40673)** agus **Déaglán Coleman (folíne 40914)** na hoifigigh sa Roinn a bhfuil Gaeilge acu agus labhróidh siadsan Gaeilge leis an duine a chuireann glaoch agus ina dhiaidh sin cuirfidh siad an teachtaireacht ar aghaidh chuig an rannóg gnó cuí le go ndéanfaí gníomhú air.

Cuir glaoch ar **fholíne 58971** chun dul i dteagmháil le guthán an **ríomhphoist**.

4.3 **Modh oibre maidir leis an Ghlórphost Gaeilge:** Má chuireann duine glaoch ar an lasc-chlár lárnach nó ar Roinn faoi leith ag cur in iúl gur mhaith leis a chuid gnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge, labhróidh an t-oifigeach leis i nGaeilge má bhíonn sé/sí muiníneach go leor ina c(h)umas Gaeilge a labhairt. Murar féidir leis sin a dhéanamh, nó murar féidir leis/léi an glaoch a chur tríd chuig na baill foirne thuas a bhfuil Gaeilge acu, cuirfidh siad an duine a ghlaonn tríd chuig an Ghlórphost Gaeilge ar fholíne 58971.

Déanann oifigigh i mBrainse na nOibríochtaí Teanga sa Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta monatóireacht ar an ghlórphost. Aistrefar teachtaireachtaí a fhaightear ar an toirt nó cuirfear ar aghaidh iad chuig ateangaire chun go ndéanfaí iad a aistriú.

Cuirfear fiosrúcháin a aistrítear ar aghaidh chuig an Roinn chuí nó chuig an oifigeach chuí chun go ndéanfaí freastal orthu.

#### 4.4 **TEACHTAIREACHT AR AN GHLÓRPHOST GAEILGE:**

“Fáilte romhat chuig Státseirbhís Thuaisceart Éireann. Más mian leat teachtaireacht a fhágáil beidh duine i dteagmháil leat a luaithe agus is féidir. Is féidir leat do theachttaireacht a fhágáil i ndiaidh na fuaime. Chun gur féidir linn déileáil leis an ghlaoch beidh an t-eolas seo a leanas uainn:

- D’ainm
- Do Sheoladh
- D’uimhir ghutháin lae
- Ainm an duine ar mhaith leat dul i dteagmháil leis, más eol duit é.
- Ainm na Roinne ar mhaith leat dul i dteagmháil léi, más eol duit é.
- An cineál gnó

Déanfaidh muid ár ndícheall dul ar ais i dteagmháil leat ach má tá práinn le do ghnó moltar duit dul i dteagmháil leis an Roinn áirithe sin i mBéarla amháin.

## **5. Comhfhreagras**

5.1 De réir na Cairte tá sé de dhualgas ar Ranna glacadh le hiarratais scríofa i nGaeilge. Más cosúil nach mbeidh féidearthacht ann freagra cuimsitheach a chur ar fáil faoin spriocdháta cuí, agus an t-aistriúchán féin san áireamh, ba cheart aitheantas bheith tugtha ar an ghnáthbhealach, ag míniú go bhfuil an litir á haistriú agus go mbeidh freagra cuimsitheach ina dhiaidh sin arís ann (Iarscríbhinn A). Ba cheart an t-aitheantas bheith eisithe i nGaeilge ag baint úsáide as an aistriúchán atá ar fáil ag Iarscríbhinn B.

5.2 Ní chuireann an Chairt iachall ar Ranna aon aitheantas nó freagra i nGaeilge a thabhairt ar chomhfhreagras a fuarthas i nGaeilge ach is é polasaí na Roinne é sin a dhéanamh, ag baint úsáide as an Lárshuibhís aistriúcháin, nuair is gá. Ba cheart aistriúcháin Bhéarla den bhunlitir agus den fhreagra a choinneáil i gcomhad. B'fhéidir gur mhaith le hoifigigh a eisíonn freagraí i nGaeilge ach nach bhfuil Gaeilge acu féin síniú a chur ar aistriúchán Béarla, ar mhaithe le míshoiléireacht ar bith a sheachaint, agus cóip den leagan Béarla a chur leis an leagan Gaeilge nach bhfuil sínithe.

5.3 Ba chóir do rannóga gnó a chinntiú go n-eisítear gach comhfhreagras seachtrach ar an pháipéar litreach trítheangach arna cheadú ag an Aire.

**5.4 Comhfhreagras le hEagraíochtaí Gaeilge:** Ba cheart gach teagmháil a dhéantar leis na heagraíochta Gaeilge seo a leanas a dhéanamh trí mheán na Gaeilge:

- Foras na Gaeilge;
- POBAL;
- An Gaeláras;
- Fobairt Feirste;
- An Cheathrú Gaeltachta;
- Gaelphobal Cheantar an tSratha Báin;
- Comhaltas Uladh.

## **6. Aistriúcháin**

- 6.1 Ba cheart gach réamhrá de chuid na nAírí ar Phleananna, ar Thuairiscí agus ar cháipéisí Comhairliúcháin a aistriú go Gaeilge i gcónaí.
- 6.2 Ba cheart gach bileog nua agus gach bileog athbhreithnithe bheith aistrithe go Gaeilge. Ní gá na bileoga bheith foilsithe i nGaeilge. Is féidir an t-aistriúchán a choinneáil agus á chur ar fáil mar cháipéis Word. Bheadh sé ina dheachleachtas abairt a chur i nGaeilge sa leagan Béarla den bhileog ag léiriú go bhfuil aistriúchán Gaeilge ar fáil.
- 6.3 Ba cheart gach foirm iarratais a mbaintear úsáid aisti go minic a aistriú go Gaeilge. Is féidir iad a chur ar fáil i bhfoirm Word. Ba cheart aon iarratas ar aistriúchán go Gaeilge ar cháipéisí eile roinne a phlé leis an Aonad Comhionannais. Ar an dóigh sin is féidir a chinntiú go mbeidh cur chuige leanúnach ann.
- 6.4 Ba cheart na haistriúcháin ar fad a fháil ón Aonad Comhionannais (Jackie Gregg, folíne 40867, Tim Laverty, folíne 40850 agus Louise Macrory, 41143). Is féidir leo comhairle a thabhairt agus socruithe a dhéanamh leis an Lárshairbhís Aistriúcháin le cáipéisí nó comhfhreagras a aistriú ó Ghaeilge go Béarla nó ó Bhéarla go Gaeilge. Ba chóir don rannóg ghnó atá ag iarraidh an aistriúchán iarratais ar Orduithe Ceannacháin a ardú mar is gnách trí Account NI, ós rud é go bhfuil rannóga gnó freagrach as íoc as aistriúcháin a dtagann uathu ar an chéad dul síos. Nuair a fhaightear aistriúchán, ba chóir don rannóg ghnó a thosaigh an próiseas foirm Earraí Faighte a chomhlíonadh, rud atá le seoladh chuig Account NI agus ceadóidh siad an íocaíocht.
- 6.5 Moltar do Rannóga Gnó go leor ama a cheadú do thionscadal a bhfuil brú ama leo, agus go hidéalach ba chóir dóibh teagmháil a dhéanamh leis an Aonad Comhionannais go luath le tabhairt le fios go bhfuil jabanna móra aistriúcháin ag teacht aníos.

## 7. **Fógraíocht**

**7.1 Fógraí Poiblí:** Tá beartaithe ag an Aire gur cheart níos mó úsáide a bhaint as an Ghaeilge san fhógraíocht agus i gcur i láthair ghnó na roinne. San áireamh anseo tá teidil dhátheangacha san fhógraíocht phoiblí. Ba cheart fógraí a chur sna nuachtáin tríd an Aonad Dearadh Grafaicí. Is féidir aistriúcháin ar cheannteidil a shocrú leis an Aonad Comhionannais. Nuair atáthar ag socrú aistriúchán a dhéanamh ar ábhar, is gá na gníomhaíochtaí atá le déanamh a aistriú go Gaeilge ach is féidir na suímh, ó thaobh ainmneacha bailte nó sráideanna de a fhágáil i nGaeilge. Tá samplaí ann in iarscríbhinn C.

**7.2 Fógraí Suntasacha Roinne:** Ba cheart Nuachtán cuí Gaeilge a chur san áireamh nuair atáthar ag déanamh fógraí tábhachtacha roinne. San áireamh anseo ba cheart go mbeadh fógraí ann faoi cheisteanna a bhaineann le comhionannas, le comhairliúcháin phoiblí agus le cúrsaí móra earcaíochta eile. Ba cheart na haistriúcháin a fháil tríd an Aonad Comhionannais. Cuirfidh an tAonad Dearadh Grafaicí eolas ó thaobh costas de ar fáil agus déanfaidh siad an fógra a chur i nuachtán Gaeilge agus sna trí pháipéar laethúla faoi mar is cuí. Bheadh an tAonad Comhionannais sásta comhairle a chur ar fáil ó lá go lá dá mba ghá.

**7.3 Feachtais Fógraíochta:** Ba cheart go ndéanfaidh rannóga gnó a machnamh ar chásanna faoi leith maidir le húsáid na meán cumarsáide Gaeilge agus iad ag déanamh fógraíochta feachtais, ar nós Raidió Fáilte nó cláir fógraí. Is féidir leis an Aonad Comhionannais comhairle a chur ar fáil.

## 8. **Seoltaí**

8.1 De réir Ordú an Rialtais Áitiúil (Forálacha Ilghnéitheacha) (Tuaisceart Éireann) 1995 is féidir le Comhairle Dúiche leagan de shráidainm a chur i dteanga eile taobh leis an ainm Béarla. Le heolas chun dáta a fháil ar shráidainmneacha atá curtha in airde ag Comhairlí Dúiche nach bhfuil i mBéarla gabh chuig [http://www.osni.gov.uk/paper/dual\\_lang.html](http://www.osni.gov.uk/paper/dual_lang.html) nó déan teagmháil leis an tSuirbhéireacht Ordanáis ([info@pointer-ni.gov.uk](mailto:info@pointer-ni.gov.uk)). Nuair a bhíonn duine i ndiaidh úsáid a bhaint as sráidainm dleathach i nGaeilge ba cheart don fhoireann oibre an leagan Gaeilge a úsáid agus iad ag tabhairt

freagra

ar an chomhfhreagras nó le linn dóibh iarratais a phróiseáil. Ba cheart nóta a choinneáil den leagan Gaeilge chomh maith leis an leagan Béarla ar an taifead oifigiúil.

- 8.2 Nuair a bhíonn an tríú páirtí i gceist .i. nuair is gá iniúchadh a dhéanamh ar chaipéis (m.sh. ceadúnas tiomána) nó é a fhógairt (.i. iarratas pleanála) ba cheart an leagan Béarla de sheoladh na sráide a léiriú chomh maith leis an leagan Gaeilge. Níl aon bhac ar úsáid a bhaint as an Ghaeilge i gcodanna eile de sheoladh m.sh. baile fearainn, baile, contae, tír.
  
- 8.3 Nuair atáthar ag cur tús le teagmháil a dhéanamh bheadh sé ag teacht le spiorad na Cairte úsáid a bhaint as an dá leagan ar an chéad dul síos agus ansin leanúint ar aghaidh ag baint úsáide as cibé cén teanga ar baineadh úsáid as sa fhreagra. Spreagtar ranna agus comhlachtaí a bhaineann leo chun an dá leagan a úsáid ina gcuid cáipéisí agus foilseacháin.

## **9. Fiosrúcháin agus Monatóireacht**

- 9.1 Ba cheart ceisteanna faoin Treoir seo agus breis comhairle maidir le hiarratais chun gnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge (i bhfoirm labhartha nó scríofa) a chur chuig an tAonad Comhionannais (Jackie Gregg, folíne 40867 agus Tim Laverty, folíne 40850).